## Na Mná sa Cheol

Bhí ról lárnach ag na mná sa cheol riamh anall – mar chumadóirí, mar thaibheoirí, mar nuálaithe agus mar cheannairí cultúrtha – fiú nuair nár tugadh aird ar a n-ionchur. Trí staidéar a dhéanamh ar a scéalta, léirítear cruthaitheacht, acmhainneacht agus an tionchar buan a d'imir na mná ar an gceol le himeacht ama.

## Amlíne an Cheoil

| Meánaoiseach | Renaissance | Barócach | | Rómánsach | |
|---|---|---|---|---|---|
| c.500-1450 | | | c. 1750-1810 | | c. 1910-2000 |
| | | | | | |

- Bain úsáid as an bpóstaer Oide [Tréimhsí Stairiúla Ceoil] chun an t-amlíne a chur i gcrích.
- Cuir isteach ainm chumadóir mná ó gach ré ceoil sna boscaí gorma thuas.
- I do leabhar, cruthaigh seinnliosta ina bhfuil ar a laghad píosa amháin ceoil le gach cumadóir ainmnithe. Cuir na píosaí in ord croineolaíoch.

## Déan Taighde, Éist agus Freagair



- Déan taighde ar Lili Boulanger, an cumadóir Francach. Scríobh alt ina gcuirtear síos ar a saol, a héachtaí agus a hionchur sa cheol, chomh maith le fíricí suimiúla ar bith eile.

- Éist le ***D'un matin de Printemps*** le Boulanger, sampla den cheol impriseanaíoch, ina ndírítear ar mhothú agus ar mhothúcháin sa cheol.

- Freagair na ceisteanna i do leabhar.
  1. Cé acu grúpaí uirlisí a chluineann tú ag tús an phíosa?
  2. Cad é mar a chuirfeá síos ar an luas sa chéad chuid?
  3. An bhfuil an tséis réidh nó scartha?
  4. Cad é mar a chuirfeá síos ar an mothú sa chéad chuid?
  5. Cén leibhéal dinimiciúil atá ann ag tús an phíosa? An dtagann athrú air le linn an chéad nóiméad?
  6. An bhfuil uigeacht monafónach / homafónach / ilfhónach ann den chuid is mó? Mínigh do rogha.


CC BY NC

## Déan Cumadóireacht




Trí úsáid a bhaint as an dá mhóitíf thuas as ***D'un matin de Printemps***, cruthaigh píosa gairid de do chuid féin atá 20-40 soicind ar fad agus spreagtha ag stíl Lili Boulanger. Ní mór iad seo a leanas a bheith i do phíosa:

- forbairt ar mhóitífeanna Boulanger (éadrom, geal agus fuinniúil) spreagtha ag a cuid ceoil
- do mhóitíf feinchumtha atá i gcodarsnacht leo
- fuaimniú agus dinimicí atá ag fóirstean do do rogha uirlise/uirlisí
- struchtúr soiléir ceoil

## Scil na Comparáide

Is cumadóirí an 21ú haois iad Anna Meredith agus Eímear Noone. Baineann Anna le ceol clasaiceach comhaimseartha/ceol leictreonach cumaisc agus baineann Eímear le ceol ceolfhoirneach cineamatach.

- Éist le ***Nautilus*** le Anna Meredith agus le ***Warlords of Draenor*** (atá in World of Warcraft) le Eímear Noone.
- Bain úsáid as dhá cheann de na gnéithe ceoil seo a leanas chun comparáid a dhéanamh idir an dá phíosa i do leabhar: gnéithe séise, gnéithe rithime, ionstraimíocht, mothú, tempo

# Naisc Churaclaim Fhéideartha

### Torthaí Foghlama Cheol na Sraithe Sóisearaí

**1.14** comparáid a dhéanamh idir píosaí ceoil atá cosúil de réir ré agus stíle le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla

**2.3** sleachta/móitífeanna/téamaí ó phíosa reatha ceoil a oiriúnú trína mhothú, stíl, nó armóin bhunaidh a athrú

**3.1** comhoibriú le comhscoláirí agus le piaraí chun seinnliosta agus sraith taifeadtaí a dhéanamh le himeacht stairiúil áitiúil nó imeacht comórtha pobail a thionlacan

### Táscairí Forbartha na hIdirbhliana

**A bheith i d'Fhoghlaimeoir**

- Eolas agus scileanna atá ábhartha don tsraith shinsearach a shealbhú.
- A chuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus é ag plé le smaointe daoine eile.

**Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail**

- A bheith ag éirí níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha.
- A bheith ag iarraidh cur le saol níos córa.

**Taighde Gairme**

- A bheith ag foghlaim an dóigh le smaointe a ghiniúint agus le smaointe a chur i ngníomh.

### Torthaí Foghlama Ceol ATF

**Unit 1 Music Types**

1. demonstrate listening skills for this type of music
2. name some of the prominent personalities involved in this type of music
3. display a knowledge of the instruments associated with this type of music
4. identify the main characteristics of this type of music
5. demonstrate an awareness of this type of music in reference to its historical, social, cultural and geographical context


CC BY NC

# Tacaí don Seomra Ranga Ceoil

## Uirlis Mhachnaimh an Mhúinteora

Baineann an uirlis mhachnaimh seo le gach taca de chuid Oide don seomra ranga Ceoil. Tugtar duit, mar Mhúinteoir Ceoil, spás chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh a d'fhéadfadh le gach taca cuidiú le foghlaim do scoláirí agus í a fhorbairt. Iarraimid ort do mhachnamh a dhéanamh ar na ceisteanna thíos sula mbaineann tú úsáid as na tacaí don seomra ranga.

Cén bhliainghrúpa a d'fhéadfadh a bheith páirteach san fhoghlaim seo?

Cén fáth a mbeadh an fhoghlaim seo oiriúnach do na scoláirí sin? (Réamhfhoghlaim? Suimeanna na scoláirí? Spreagadh?)

Cén fhoghlaim a aithníodh sa tSonraíocht, sa Ráiteas Cláir nó sa Siollabas a nascann an fhoghlaim seo léi?

Sainaithin Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí agus/nó Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a chuirtear ar obair san fhoghlaim seo.

Cad iad na mionathraithe atá le déanamh agam ionas go mbeidh an taca seo oiriúnach do mo scoláirí?


cc BY NC